Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6640/22**

**ENER 67**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Staid an fhuinnimh san Eoraip ag eascairt as an ngéarchéim san Úcráin<br>- *Malartú tuairimí* |

Mar ullmhúchán don chruinniú urghnách a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 28 Feabhra 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo creatnóta a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince.

An Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 28 Feabhra 2022

D'iarr an Chomhairle Eorpach an 24 Feabhra 2022 go leanfaí leis an obair maidir le hullmhacht agus staid na hullmhachta ar gach leibhéal agus d'iarr sí ar an gCoimisiún, go háirithe, bearta éigeandála a mholadh, lena n-áirítear i réimse an fhuinnimh.

Sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise na n-eachtraí is déanaí, tabharfaidh an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas:

1– Tabharfaidh an Coimisiún eolas faoina anailís ar an **staid reatha** maidir le cinnteacht an tsoláthair ola agus gáis, chomh maith lena bhfuil ag titim amach maidir le praghsanna fuinnimh.

2– Cuirfidh an Coimisiún a anailísí agus a ionsamhlúcháin éagsúla i láthair freisin maidir le staid ullmhúcháin na g**cásanna** suaite **éagsúla hipitéiseacha**, bearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann (lena n-áirítear stóráil) agus ullmhúcháin don **gheimhreadh seo chugainn**.

Maidir leis an staid reatha, iarrfar ar na hairí fuinnimh a n-anailís ar an staid ghinearálta a chur i láthair chomh maith leis an staid shonrach atá acu maidir leis an soláthar fuinnimh, na stoic agus na sreafaí fuinnimh atá ann faoi láthair.

Maidir le suaití breise a d'fhéadfadh a bheith ann agus ullmhacht do na míonna amach romhainn, iarrfar ar na hairí a gcuid anailísí a mhalartú i ndáil le staid na hullmhachta agus aon bhearta éigeandála a mbeidh foráil le déanamh ina leith.

Is é is aidhm do dhíospóireacht sin na n-airí breithniú ar ghníomhaíochtaí breise a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil le soláthar a choimirciú, stoic straitéiseacha ola a úsáid, stoic gháis a bhainistiú, go háirithe ag féachaint do na seachtainí agus na míonna amach romhainn, agus an comhordú idir an tAontas agus na Ballstáit a neartú agus teachtaireachtaí coiteanna a scaipeadh.

Is é is aidhm do dhíospóireacht na n-airí freisin breithniú a dhéanamh ar fhreagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais agus ar roghanna do na Ballstáit maidir le tionchar na bpraghsanna ar theaghlaigh, ar thionscail agus ar an ngeilleagar, faoi mar atá ann faoi láthair agus i gcásanna hipitéiseacha éagsúla.

3– Ar deireadh, tá glaonna ar **chúnamh don Úcráin** in earnáil an fhuinnimh mar thoradh ar an staid reatha. Iarrfar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl faoi shocruithe an chúnaimh sin.